



NON, JE NE REGRETTE RIEN

TIONSCADAL PIAF-BREL

IMRAM

FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE

*Irish-Language Literature Festival*

14-22 DEIREADH FÓMHAIR/OCTOBER 2011

DÉ hAOINE 14 DEIREADH FÓMHAIR  
Friday 14 October | 6.00pm (doras 5.30pm)

CITY ARTS 15 Bachelor's Walk  
Saorchead isteach/free admission | Gaeilge Amháin

# SIOMPÓISIAM AR BHLAGADÓIREACHT NA GAEILGE

SYMPOSIUM ON IRISH LANGUAGE BLOGGING



TAGANN City Arts agus IMRAM le chéile i mbliana le hiniúchadh a dhéanamh ar thodhchaí litríocht na Gaeilge ar líne le Siompóisiam ar Bhlagadóireacht na Gaeilge. Curtha i láthair ag an ggraoltóir **Scott De Buitleir**, beidh ceathrar cainteoirí ag an siompóisiam – **Alex Hijmans**, iriseoir agus údar; **Aonghus Ó hAnluain**, blagadóir; **Alison Ní Dhorchaidhe**, file agus blagadóir; agus **Máire Burns**, riarthóir ghrúpa Facebook, *Gaeilge Amháin*.

I measc na n-ábhar a bheidh á bplé ar an oíche, cuirfear an cheist; an í an bhlagadóireacht an chéad chéim eile ar bhóthar na litríochta Gaeilge? An bhfuil teacht Twitter agus na meán sóisialta ag cur deireadh leis an mblagadóireacht, nó á neartú? An bhfuil áit ann do bhlagadóireacht mhionteanga i spás ollmhór an idirlín? Seans é seo do phobal na Gaeilge (agus an Bhéarla) breathnú go dáiríre ar an goéad ghlúin eile de litríocht mhionteanga sa 21ú haois le réimse taithí na gcainteoirí.

This year IMRAM joins force with City Arts to look at the future of Irish-language literature on-line. Broadcaster and writer **Scott De Buitleir** will be joined by journalist and author **Alex Hijmans**; blogger **Aonghus Ó hAnluain**; poet and blogger **Alison Ní Dhorchaidhe**; and **Máire Burns**, administrator of Facebook group *Gaeilge Amháin*.

Is blogging the next step forward for Irish-language literature? Has the arrival of social websites and Twitter rendered blogging obsolete? Can minority languages flourish on the internet? These are just some of the questions that will be discussed in this provocative symposium.

DÉ hAOINE 14 DEIREADH FÓMHAIR  
Friday 14 October | 7.30pm (doras 7.00pm)

EAGLAIS ÚINITÉIREACH  
Unitarian Church, 112 St Stephen's Green West  
Saorchead isteach/free admission | Gaeilge Amháin



# OÍCHE ÓMÓIS DON MHOINSÍNEOIR

AN HOMAGE TO  
PÁDRAIG Ó FIANNACHTA

FILE, sagart, foilsitheoir agus scoláire, tá áit lárnach i saol liteartha agus spioradálta na tíre seo ag an **Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta**. Bronnadh Duais an Chraoibhín air sa bhliain 1969 de bharr a shaothair liteartha. Is é príomhaistritheoir agus eagarthóir *An Bíobla Naofa* é a foilsíodh sa bhliain 1982. I measc a chuid cnuasach filíochta tá *Ponc, Rúin, Deora Dé, Léim an Dá Mhíle*. Úrscéalta dírbheathaisnéise is ea *An Chomharsa Chaimhthíoch* agus *Ag Siúl na Teorann*. Foinsí éagsúla inspioráide aige, an béaloideas áitiúil, an mhiotaseolaíocht, an litríocht chlasaiceach agus a ghairm mar shagart. Ón mbliain 1964 is é stiúrthóir agus eagarthóir coimisiúnaithe An Sagart é, teach foilsitheoireachta a fhoilsíonn filíocht, béaloideas, drámaíocht, léirmheastóireacht liteartha agus leabhair a bhaineann leis an diagacht. Sa bhliain 1996 bhunaigh sé An Díseart, Institiúid Oideachais agus Chultúr Dúchais a bhfuil cáil uirthi ón Daingean go Dubaí.

Poet, publisher and scholar, **Monsignor Pádraig Ó Fiannachta** is a central figure in Irish letters. Tonight IMRAM celebrates Pádraig's life and work in the company of poets and speakers **Nuala Ní Dhomhnaill, Bríd Ní Mhóráin, Domhnall Mac Síthigh, Ceatí Ní Bheildiúin, Tadhg Ó Dúshláine, Peadar Ó hUallaigh**; and singers and musicians **Seosaimhín Ní Bheaglaíoch, Steve Cooney** and **Eoin Duignan**. The homage night will be followed by an informal session organised by Feis na nGael in Conradh na Gaeilge's Club at 9.00pm, featuring singer **Máire Ní Choilm**, sean-nós dancer **Rónán Ó Riagáin**, musicians **Larry Kinsella, Lynsey MacRitchie, Ceitlin Smith** and **Anne Louise Stewart**.





**DÉ SATHAIRN**  
**15 DEIREADH FÓMHAIR**  
**Saturday 15 October**  
**2.00pm (doras 1.30pm)**

**CITY ARTS**  
**15 Bachelor's Walk**  
**Cead isteach/  
admission €5**

*Film in Scottish Gaelic  
with English subtitles.*

# SEACHD

## THE CRIMSON SNOWDROP

A SIMON MILLER FILM

**T**UGANN Angus cuairt ar a sheanathair san ospidéal, áit a bhfuil sé ag saothrú an bháis, toisc go bhfuil an fear óg sa tóir ar an bhfírinne ó bhí sé ina stócach – an fhírinne a bhaineann le bás a thuismitheoirí agus an fhírinne a bhaineann le scéalta ársa uafara a sheanathar, scéalta a bhaineann le fabraic stair na nGael, leannáin nimhithe, díoltas is doirteadh fola, eacha uisce agus ór na Spáinne. Déanann a sheanathair Aongus a fhuadach uair amháin eile agus é a threorú chun na sléibhte ina nochtar rún ársa nach raibh aon choinne aige leis.

Làn fhírinne na sgeòil. The truth is in the story. When a young man, Angus, visits his dying Grandfather he finds the truth behind the death of his parents and his Grandfather's Gaelic stories of poisoned lovers, bloody revenge, water-horses and Spanish gold. His Grandfather hijacks Angus' life for one last time leading him to one of Scotland's most treacherous mountains, The Inaccessible Pinnacle, and an ancient truth he never expected to find.

'Gorgeously-realised blend of magic realism and family drama'  
*Glasgow Herald*

**DÉ SATHAIRN**  
**15 DEIREADH FÓMHAIR**  
**Saturday 15 October**  
**7.30pm (doras 7.00pm)**

**IONAD AN PHIARSAIGH**  
**Ireland Institute**  
**27 Sráid an Phiarasaigh**  
**Saorhead isteach/free admission**  
*Gaeilge Amháin*



# SOMHAIRLE

# MACGILL-EAIN

## AGUS NA TAIBHSÍ GAELACHA

LÉACHT LE MÁIRE NÍ ANNRACHÁIN

**F**ILE mór an ghrá é **Somhairle MacGill-Eain**, a cuireadh i dtreo na filíochta nuair a fágadh a chroí cráite. File é freisin a labhair go misniúil agus go tréadach ar son a mhuintire féin a d'fhulaing anró is cruatan, agus ar son na cosmhuintire ar fud an domhain. Léitear a shaothar go minic mar fhilíocht nua-aoiseach a thug filíocht Ghaeilge na hAlban isteach sa nuashaol den chéad uair. Is léir, áfach, go bhfuil fréamhacha doimhne aige sa traidisiún Gaelach, agus go bhfuil nua-aoiseachas suntasach a shaothair bunaithe ar athchóiriú ar chlocha coirnéil áirithe de chuid an traidisiúin sin, a aithnítear go forleathan in Albain agus in Éirinn araon. Sa léacht seo ó **Mháire Ní Annracháin** scrúdófar roinnt de na dánta is cáiliúla de chuid Shomhairle MhicGill-Eain d'fhonn a léamh nua ar mhórtuisicintí Gaelacha a shoiléiriú agus a cheiliúradh: an grá, an laochas, agus an talamh féin.

A towering figure in Scottish literature, **Sorley MacLean** was a love poet *par excellence*. He was also a political poet who bravely tackled themes of oppression and hardship both in Scotland and throughout the world. In many ways, his work brought Scottish Gaelic poetry into the modern world for the first time. But his work had deep roots in the Gaelic tradition, and the fresh modernism of his work was founded on the corner stones of that tradition. In this lecture, **Máire Ní Annracháin** will provide a new reading of some of Maclean's best-known poems, illuminating and celebrating their themes of love, heroism and the very land itself.

*Tha tim, am fiadh, an coille Hallaig*  
*Time, the deer, is in the wood of Hallaig.*



**DÉ SATHAIRN 15 DEIREADH FÓMHAIR**  
Saturday 15 October | 9.00pm (doras 8.30pm)

**IONAD AN PHIARSAIGH**

**Ireland Institute, 27 Sráid an Phiarsaigh**  
**Cead isteach/admission €10 | Bookings: Tel 01-6704644**

*Trilingual Event: Scottish Gaelic, Irish & English*

# GUTHANNA GAEILGE ANALL

A NIGHT OF SCOTTISH POETRY AND MUSIC



**C**ÓNAÍ ar **Mhaoilios Caimbeul** ar an Eilean Sgitheanach, Albain, agus téann an fód dúchais go mór i gcion ar a chuid filíochta, fód daingean á lorg aige i bhfarraigí cáite na neamhchinnteachta iarnua-aoisí. D'fhoilsigh Coiscéim dánphóstaer leis, *Deirdre*, aistrithe ag Liam Prút. I mBaile Átha Cliath a rugadh **Rody Gorman** agus cónaí air siúd chomh maith ar an Eilean Sgitheanach. I measc na gcnuasach uaidh tá *Céili san Oíche*, *An Duilleag agus an Crotal*, *Naomhóga na Laoi* agus an leabhar haiku *Ceangailte* a tháinig amach i mbliana. Bhí **Meg Bateman** sna fichidí nuair a thosaigh sí ag scríobh i nGaeilge na hAlban tar éis do na hamhráin Ghaeilge a bhí léite aici nod a thabhairt di faoin saghas filíochta a theastaigh uaithi féin a scríobh. *Orain Ghaoil-Amhráin Ghrá* is teideal don chnuasach dátheangach uaithi. Alex Osborne a thiontaigh go Gaeilge na hÉireann. Is fada cáil dhomhanda ar **Aonghas MacNeacail**, file a scríobhann i dtír theanga na hAlban. Cumadóir amhrán is ea é chomh maith, amhráin tíre agus eile, agus craoltóir nótaílte.

**Maoilios Caimbeul's** verse is a search for solid ground in the seas of post-modern uncertainty. **Rody Gorman** is a poet, writer, lyricist, translator, and edits the literary journal *An Guth*. **Meg Bateman** began writing in Gaelic in her mid-twenties 'through my reading of Gaelic song-poetry'. **Aonghas MacNeacail** is an award-winning poet and songwriter in Gaelic, English and Scots. *The Scotsman* declared his poetry 'sings with anger, celebration and tenderness'. This gala reading of Scottish poetry will feature music from **Bòidheach**. The group features **Lynnsey MacRitchie** (fiddle), **Anne Louise Stewart** (Melodeon) and **Ceitlin Russell Smith** (singer). All three hail from the Outer Hebrides.

*In association with Feis na nGael.*

**DÉ LUAIN 17-DÉ HAoine 21 DEIREADH FÓMHAIR**  
Monday 17-Friday 21 October | 1.00pm-5.45pm daily



# COSÁN

THE POETRY OF STONES

A MULTI-MEDIA INSTALLATION  
SUITEÁIL FÍSE, FILÍOCHTA AGUS FUAIME

**CITY ARTS 15 Bachelor's Walk**  
**Saorchead isteach/free admission**

**A**G baint úsáide as clocha (ábhar amh ón tírdhreach), as an bhfocal clóite (filíocht) i dteannta na teicneolaíochta nua-aimseartha (íomhánna agus fuaimrianta digiteacha), déanann **Ceaití Ní Bheildiúin** iniúchadh ar chumhacht chosáin thraidisiúnta. Aimsíonn sí rud inti féin – 'cuimhne sa chnámh.' Tá cuimhne sa talamh féin a théann go dtí an t-anam istigh.


*I ngach cloch  
bíonn cuimhne, bíodh sé  
ina nath nó ina rann..."*

Úsáidtear clocha mar shiombail dár n-oidhreacht féin, an chuibhne, an teanga, leanúnachas an tsoail.


Tá an taispeántas *Cosán* ag plé le stair, traidisiúin, béaloideas, seanchas, dinnseanchas, eolas treibhe...

The memory of stones, their terrible, beautiful endurance. Poet **Ceaití Ní Bheildiúin's** multi-faceted exhibition *Cosán* takes us on the ancient path to the self. Her work explores how landscape embodies the person, using stones as keys to memory, language and the connections between generations. Ancient traditional paths are walked in her work, using stones (raw material from the land), the printed word (poetry) and digital images and sound-tracks to reveal their enduring power.

*In association with City Arts.*







DÉ LUAIN 17 DEIREADH FÓMHAIR

Monday 17 October | 6.00pm

DUBLIN INSTITUTE OF TECHNOLOGY

Aungier Street

Saorchead isteach/admission free

## CLÓ DRAÍOCHTA

READING TO LAUNCH IMRAM

TYPOGRAPHY EXHIBITION:

THE CLÓ PROJECT

**S**A BHLIAIN 2010, tarraingíodh aird idirnáisiúnta ar thaispeántas a léirigh cló-aghaidheanna nua agus a thug léargas ar théacsanna Gaeilge mar chuid de chomhdháil bhliantúil an Association Typographique Internationale faoi scáth Scoil na hEalaíne, Deartha agus Priontála (DIT) i mBaile Átha Cliath. I gcomhar le **IMRAM** tá léachtóirí DIT **Clare Bell**, **Brenda Dermody**, **Brenda Duggan** agus **Anita Heavey** tar éis taispeántas de théacsanna liteartha Gaeilge a chur le chéile inar deineadh athoibriú drámata ar chloghrafaíocht chlasaiceach. Ghaelach chomh maith le suiteálacha suimiúla neamhstatacha, ábhar teilgthe ar scáileán agus saothar digiteach. Filíocht agus scéalta le **Alan Titley**, **Gearóid Mac Lochlainn**, **Gabriel Rosenstock**, **Dáithí Ó Muirí**, **Aifric Mac Aodha** agus **Caitriona Ní Chléirchín**.

In 2010, the Department of Visual Communication at the The School of Art, Design and Printing (DIT) organised the annual conference of ATypI (Association Typographique Internationale), at which DIT students held an exhibited work that included new typefaces and interpretations of Irish language texts, and these attracted international attention. In collaboration with IMRAM, DIT lecturers **Clare Bell**, **Brenda Dermody**, **Brenda Duggan** and **Anita Heavey** have curated a special exhibition of Irish language literature texts imaginatively rendered by DIT students. This work will utilise both traditional typefaces, dramatic re-workings of classic Gaelic typography used for Irish, as well as exciting non-static installations, screen projections, and digital work.

Poetry and stories selected for the exhibition include work by **Alan Titley**, **Gearóid Mac Lochlainn**, **Gabriel Rosenstock**, **Dáithí Ó Muirí**, **Aifric Mac Aodha** and **Caitriona Ní Chléirchín**. **Clare Bell** and **Brian Dixon** have also designed and produced a special booklet to accompany the exhibition.



DÉ LUAIN 17 DEIREADH FÓMHAIR

Monday 17 October | 8.00pm (doras 7.30pm)

THE GRAND SOCIAL 35 Lower Liffey Street

Cead isteach/admission €10 | Bilingual Event



## THE WILLOW'S WHISPER COGARNACH NA SAILÍ

POETRY FROM IRELAND AND NATIVE AMERICA

**D**ÉANANN **Allison Adelle Hedge Coke** tarraingt ar a cúlra mar fheirmeoir tionóntach tobac, oibrí monarchan agus iascaire chun léargas a thabhairt dúinn ar shaol an lucht oibre agus ar a dúchas Meirindiach. Tá draíocht ag baint leis an gcaoi ina gclaochlaítear a cuid taighde ina cantaireacht. Ina teannta beidh triúr filí Gaeilge, **Paddy Bushe**, **Philip Cummings** agus **Gabriel Rosenstock** chun ceiliúradh a dhéanamh ar an duanaire neamhghnách *The Willow's Whisper: A Transatlantic Compilation of Poetry from Ireland and Native America*. Ar an gnaipchaírdín beidh **Cormac Murphy**, ceoltóir a bhfuil fathaigh ar nós Joe Cooley, Finbar Dwyer agus Sonny Brogan tar éis dul i gcion air. Bhuaigh sé Craobh na hÉireann agus é cúig bliana déag d'aois agus sheinn i dteannta The Chieftains, Liam Uí Mhaonlaí agus scata eile nach iad. Beidh tionlacan ar an bhflúit chomh maith ó **Caroline Ború**. Is ball den ghrúpa Cois Siúire í agus múinteoir ceoil thraidisiúnta.

**Allison Adelle Hedge Coke** draws on her background as a tobacco sharecropper, factory worker, and fisherwoman. Her collection, *Dog Road Woman* won the American Book Award in 1998, and is an autobiographical sketch of a contemporary mixed-blood native life in which she weaves a magnificent tapestry of prayer, story and song. Tonight she will be joined by **Gabriel Rosenstock**, **Philip Cummings** and **Paddy Bushe** for a special bi-lingual reading and concert to celebrate the publication of *The Willow's Whisper: A Transatlantic Compilation of Poetry from Ireland and Native America*, edited by **Jill O'Mahony** and **Mícheál Ó hAodha**. Poetry will be interspersed with music by **Cormac Murphy** on button accordion and **Caroline Ború** on flute.

DÉ MÁIRT 18 DEIREADH FÓMHAIR

Tuesday 18 October | 7.00pm (doras 6.30pm)

CLUB NA MÚINTEOIRÍ Teachers' Club, 36 Cearnóg Pharnell  
Saorchead isteach/free admission | Gaeilge Amháin





## AGALLAMH NA SEANÓRACH SÍOR-ÓG

TITLEY UNDER SCRUTINY!

ÚDAR úrscéalta agus saineolaí mór le rá ar an úrscéal Gaeilge, údar fabhalscéalta, fouscéalta, feallscéalta agus fowlscéalta, is saghas fabhalscéil é féin, colúnaí críonna, drámadóir dúthrachtach, criticeoir agus craoltóir cráite, Corcaíoch ina chroí istigh, you know, like, cá dtosnófa ag cur síos ar **Alan Titley**, scoláire agus saoi? Stáitsíodh *Tagann Godot* sa Phéacóg sa bhliain 1990 agus naoi mbliana ina dhiaidh sin léiríodh *An Ghráin agus an Ghruaim* sa Samuel Beckett Theatre. Úrscéal leis *Gluaiseacht* ar ghearrliosta Bisto anuraidh. Bhuaigh sé an gradam sin sa bhliain 2004 leis an ngearr-úrscéal *Amach*. Thall sa Nigéir ab ea é tráth den saol agus thaistil thall is abhus san Afraic; mhúin sé i Scoil na mBuachailí Bodhra sa Chabhrach idir 1969 agus 1974; ina Cheann Roinne ar Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, ón mbliain 1981 go dtí gur ceapadh ina Ollamh le Nua-Ghaeilge é i gCorcaigh na móna finne sa bhliain 2006. An leabhar is déanaí uaidh *Scribhneoirí faoi Chaibidil*, ailt a bhaineann le mórscribhneoirí na Gaeilge agus iad bunaithe ar shraith raidió den teideal céanna. An rud a dúirt Alan faoina chomh-Chorcaíoch Frank O'Connor, tá sé fíor faoi féin: *'What can never be denied is his passionate love for the thousand and a half years of literature in the Irish language.'*

Beidh a shaol is a shaothar á chíoradh anocht nuair a cheisteoidh **Michael Cronin**, teangeolaí, criticeoir agus údar cuimhní cinn, é: ná cail agallamh na seanórach síor-óg.

**Alan Titley** is a weaver of fantastic fables, witty columnist, novelist, playwright, critic and broadcaster, and Corkman to the bone. Tonight Alan will discuss his life and work in the company of **Professor Michael Cronin**.



DÉ MÁIRT 18 DEIREADH FÓMHAIR

Tuesday 18 October | 8.30pm (doras 8.00pm)

CLUB NA MÚINTEOIRÍ Teachers' Club, 36 Cearnóg Pharnell  
Cead Isteach €10 Individual/€40 Table of 4 | Gaeilge Amháin



## TRÁTH NA gCEIST EALAÍÓN

IMRAM ARTS QUIZ AND MUSIC NIGHT



TRÁTH na gCeist Boird ina mbeidh go leor ceisteanna faoi na healaíona – in Éirinn agus thar lear.

Bíg linn le haghaidh oíche siamsaíochta agus duaiseanna, cuideachta agus craic. Beidh ceisteanna ar gach caighdeán agus ceol beo ar ard-caighdeán. Cur agus cúiteamh ag na boird. Cúr agus cúiteamh ag an bheár. Babhtáí bríomhara agus spot-duaiseanna. Tabhair leat foireann agus cuirig le scléip na hoíche. Léirigí bhur gcuid eolais ar an scáileán mór agus an scáileán beag; ar an léann agus ar an litríocht, ar eachtraí tromhúiseacha agus eachtraí gan chúis. Beidh ceisteann furasta agus ceisteanna deacra; ceisteanna fuaime agus ceisteanna físe. I ndeireadh thiar is dócha go mbeidh ceisteanna faoi na ceisteanna ag tuilleadh faoi na freagraí! **Cathal Póirtéir** (Buille Faoi Thuairim RTÉ Raidió 1) ag cur na gceisteanna. **Noel Hill**, **Róisín Elsafty** agus **Mo Hat Mo Gheansaí** ag coinneáil ceoil linn.

A special IMRAM quiz night about all arts and parts. Questions of every order, music of the highest order. Special spot prizes. Bring a team and join in the fun. What do you know about the worlds of the small screen and of the big screen; of all things literary? Questions, serious and silly, from the ridiculously easy to the fiendishly difficult. Tonight's quiz master and *fean an tí* is **Cathal Póirtéir**. Music with **Noel Hill**, acclaimed as 'Ireland's greatest concertina player' by piper Seamus Ennis; **Róisín Elsafty**, praised by the *Irish Times* for 'the subtlest of Arabic influences' in her *sean-nós* singing; and **Mo Hat Mo Gheansaí**, weaving the brightest of sweet pop music.

DÉ CÉADAOIN 19 DEIREADH FÓMHAIR  
Wednesday 19 October | 6.00pm (doras 5.30pm)

# DÚIL SA DÚLRA

CAINT IS SLEAMHNÁIN LE CON Ó RUAIRC

COMHDHÁIL NÁISIÚNTA NA GAEILGE

Downstairs, 46 Sráid Chill Dara

Saorhead isteach/free admission | Gaeilge Amháin

**O**IDHREACHT shaibhir ach oidhreacht leochaileach í oidhreacht Árann: an Ghaeilge, an seanchas, a tseandálaíocht agus an timpeallacht nádúrtha ar muir is ar tír.

Treoirleabhar cuimsitheach é *Dúlra Oileáin Árann* le **Con Ó Ruairc** ina mínítear conas a mhúnlaíonn fórsaí an dúlra timpeallacht nádúrtha na n-oileán – an gheolaíocht, an aeráid, flóra is fána agus nósanna feirmeoireachta. Faightear bláthanna neamhchoitianta ann, an Ceadarlach Bealtaine cuir i gcás agus magairlíní éagsúla. Tá speiceas dá chuid féin ag Oileáin Árann, an Bleachtphiseán (*Astragalus danicus*) nach bhfaightear aon áit eile in Éirinn. Parthas éan is ea Árann chomh maith.

Beimid ag súil go mór le léacht Con aonocht agus leis na sleamhnáin dhaite ón leabhar aige. (Cois Life a d'fhoilsigh an seoidleabhar agus an féilire tarraingteach a ghabhann leis, €20 agus €5 faoi seach).

The Aran Islands evoke the Irish language, folklore, archaeology, the sea, wildlife. **Con Ó Ruairc's** *Dúlra Oileáin Árann* is a comprehensive guide on how the forces of nature (geology, climate, flora, fauna and farming practices) shape the islands. The many rare flowers found on the islands include the famous gentian (An Ceadarlach Bealtaine) and various orchids (magairlíní). The islands are also a haven for birdlife, some coming from far away to breed – such as the cuckoo from Africa and terns from the southern hemisphere.

Tonight Con will present an enthralling talk on the natural history of the Árann Islands, illustrated with full-colour slides.



DÉ CÉADAOIN  
19 DEIREADH FÓMHAIR  
Wednesday 19 October  
8.00pm (doras 7.30pm)

ALLIANCE FRANÇAISE

La Cocotte, 1 Kildare St

Cead isteach/admission €15

(€10 for Alliance Française members)

Bookings: E-mail [liamog62@mac.com](mailto:liamog62@mac.com)



# NON, JE NE REGRETTE RIEN

THE PIAF-BREL PROJECT | TIONSCADAL PIAF-BREL

**D**UINE d'amhránaithe móra na Fraince ab ea **Edith Piaf** (1915–1963), an Gealbhan Beag mar a thugtaí uirthi.

Saol corrach a bhí aici – deirtear gur rugadh ar chosán í – agus bhí cáilíocht choscraich ag baint lena glór cinn a chuirfeadh na clocha ag caoineadh. I measc na móramhrán uaithi bhí 'La Vie en Rose' agus 'Non, je ne regrette rien.' Beilgeach ab ea **Jacque Brel** (1929–1978) a chum agus a chan amhráin a bhí fileata agus drámata araon. Ag tabhairt amach faoi luachanna na meánaicme a bhíodh sé go minic i nglór garg. Bhí tionchar nach beag aige ar leithéidí David Bowie agus Leonard Cohen.

**Edith Piaf** was one of France's most beloved singers, with her specialty being the poignant ballad performed in a heartbreaking voice. **Jacque Brel**, born in Belgium, composed and performed songs charged with poetry and drama. Following on the remarkable success of IMRAM's Dylan Project, tonight's show will present songs by Piaf and Brel rendered into exquisite Irish by poet **Liam Ó Muirthile**. They will be performed by singers **Hilary Bow** – whose album *Oneness* was acclaimed by Eamon Carr as 'one of the most captivating Irish albums of the year' – and **Doimnic Mac Giolla Bhríde**, whose work has been praised by the *Minnesota Irish Gazette* as 'pure magic, rich with mirth, mischief, and melancholy'. Accompanying them will be **Peter Roycroft** on piano; **Geoff Kirk** on drums; and **Neville Lloyd** on double-bass.

Designer **Raúl Martínez Vicente** will create special on-screen projections of the lyrics accompanied by images inspired by the songs. **Liam Ó Muirthile** will also read new versions in Irish of poems by **Jacques Prévert** (1900–1977) and **Paul Verlaine** (1844–1896) to musical accompaniment.

*I gcomhar leis an Alliance Française.*





**DÉARDAOIN 20 DEIREADH FÓMHAIR**  
Thursday 20 October | 7.30pm (doras 7.00pm)

**UCD Léachtlan N, Áras na nEalaíon, UCD, Belfield**  
Lecture Theatre N, Arts Block, UCD, Belfield  
Saorchead isteach/free admission | *Gaeilge Amháin*



## GAELTACHT UÍ CHADHAIN: FÍS AGUS TUAIRISC

LÉACHT UÍ CHADHAIN LE  
DÓNAL Ó BRAONÁIN

CÉN tábhacht a bhaineann le ceist na Gaeltachta i saothar **Mháirtín Uí Chadhain**, idir fhís liteartha agus tuairisc theangeolaíoch? A bhuíochas den earraíocht a bhain an Cadhnach as an scéalaíocht agus an scríbhneoireacht dhioscúrsúil, tá fuilleach ábhair againn a thugann léargas ar cheist achranach a bhain le cinniúint na teanga féin, dar leis.

Chuir an mheabhair a bhí ag an gCadhnach ar reacaireacht na staire agus tosca sóisialta na muintire leis an léargas fuarchúiseach a thug sé ar phobal traidisiúnta na Gaeilge agus scéal sheachadadh na teanga. Ina dhiaidh sin féin, ní blár catha teangeolaíoch agus ábhar aighneasóireachta amháin a bhí sa Ghaeltacht do Máirtín Ó Cadhain ach fearann cruthaitheach a lig scód samhlaíochta leis agus a sháraigh teorainneacha na tíreolaíochta.

Déanfar scagadh ar na hathruithe a tháinig ar chur chuige an scríbhneora i leith na Gaeltachta, de réir mar a d'fheil dá chuspóirí liteartha agus intleachtúla, agus a chuidigh leis samhail den Ghaeltacht a chur os comhair an tsaoil a éilíonn aird léitheoirí agus léirmheastóirí i gcónaí.

What was the importance of the Gaeltacht in the work of Ó Cadhain, from the point of view of his literary vision as well as his linguistic reworking of the everyday speech of Connemara and how did his view of the Gaeltacht change over his life as author and activist?



**DÉ hAOINE 21 DEIREADH FÓMHAIR**  
Friday 21 October | 6.00pm (doras 5.30pm)

**IRISH WRITERS' CENTRE 19 Cearnóg Pharnell**  
Saorchead isteach/free admission | *Gaeilge Amháin*

## FOGHLAIM NA LÉITHEOIREACHTA

CÉILIÚRADH AR AN LITRÍOCHT  
D'FHOGHLAIMEOIRÍ FÁSTA I nGAELIGE



CAD is úrscéal ann san aois seo? Cén tábhacht a bhaineann leis i gcomhthéacs an fhoghlaimora agus i gcoincheap na litríochta? Déanfaidh IMRAM na ceisteanna sin a fhreagairt mar cheiliúradh ar an litríocht d'fhoghlaimoirí fásta ag tarraingt ar shraith na n-úrscéalta atá foilsithe ag **LeabhairCOMHAR** agus ar shaothair ó fhoilsitheoirí eile le breis agus deich mbliana anuas. Ón mbleachtaireacht go dtí an grá; ó Éireannaigh go heachtrannaigh; ó bhreith go bás, tá a oiread sin agus tuilleadh tar éis a bheith foilsithe i leathanaigh na leabhar seo in imeacht na mblianta. Beidh an léachtóir agus scríbhneoir **Liam Mac Amhlaigh** sa chathaoir ar phainéal agus ina theannta beidh na scríbhneoirí **Catherine Foley, Brian Ó Baoill, Alan Tittley** agus **Anna Heussaff**. Déanfaidh siad luachanna na scéalta agus an cineál scríbhneoireachta a ghabhann leis an seánra seo a mheas.

Chomh maith leis sin, seolfaidh Alan Tittley an t-úrscéal, *An Gaeilgeoir Grámhar* (**LeabhairCOMHAR**, 2011) de chuid **Alan Desmond** mar chlabhsúr ar an oíche, scéal a leanann saol Bhiddy Uí Laoghaire, carachtar ar tharla mórán di ón uair ar thosaigh sí ag freastal ar rang Gaeilge san úrscéal *An Foghlaimoir Fásta*. Tá athruithe eile i ndán di nuair a thagann an mac is sine léi, Eoin, abhaile ón Astráil agus fear eile ina theannta.

What is the role of the novel within the process of learning Irish? IMRAM, in association with LeabhairComhar will explore this question, examining fiction for adult learners published over the past ten years, from crime fiction to romance. Writers **Catherine Foley, Brian Ó Baoill, Alan Tittley** and **Anna Heussaff** will join **Liam Mac Amhlaigh** in assessing the challenges of writing for adult learners.

Alan Tittley will launch **Alan Desmond's** novel *An Gaeilgeoir Grámhar* after the panel discussion.



DÉ hAOINE 21 DEIREADH FÓMHAIR

Friday 21 October | 8.00pm (doras 7.30pm)

IRISH WRITERS' CENTRE 19 Cearnóg Pharnell  
Saorchead isteach/free admission | Gaeilge Amháin

# I mBEAGÁN FOCAL ... IMRAM NEWSFLASH

FLASH FICTION IN IRISH


Is é is splanfhicsean ann ná stíl litríochta, ficsean fíorghonta. Níltear ar aon fhocal faoina fhad. Bíonn uasteorainn 300 focal ag margaí áirithe splanfhicsin agus tá dreamanna eile ar dóigh leo go mbeadh míle focal inghlactha. Gabhann fréamhacha an splanfhicsin siar go dtí fabhalscéalta Aesóip (agus seans go bhfuair seisean iad ó shaidhiúirí Alastair Mhóir a fuair san India iad) agus i measc lucht a chleachta sa domhan thiar tá Anton Chekhov, Franz Kafka, Ernest Hemingway, Ray Bradbury agus Kurt Vonnegut. Seo sampla ó Ernest Hemingway: 'Ar díol: bróga linbh. Níor caitheadh riamh iad.' Sin an méid!

Mar chuid de IMRAM 2011, beidh mórleáimh againn anocht ó mhórscribhneoirí na Gaeilge a coimisiúnaíodh don fhéile agus d'eagrán speisialta don iris *Comhar*.

Scéalta le **Biddy Jenkinson, Anna Heussaff, Mícheál Ó Conghaile, Alan Tittley, Caitríona Ní Chleirchín, Simon Ó Faoláin, Ceaití Ní Bheildiúin, Celia De Fréine, Proinsias Mac a' Bhaird, Antain Mac Lochlainn, Gabhan Ó Fachtna, Scott de Builléir, Orna Ní Choileán, Gabriel Rosenstock, Eoghan Mac Giolla Bhríde, Seán Mac Mathúna, Liam Ó Muirthile** agus **Mícheál Ó Ruairc**.

Flash fiction is a style of fictional literature or fiction of extreme brevity. There is no widely accepted definition of the length of the category. Some self-described markets for flash fiction impose caps as low as 300, while others consider stories as long as 1000 words to be flash fiction. Flash fiction has roots going back to Aesop's Fables, and practitioners have included Anton Chekhov, Frank Kafka, Ernest Hemingway, Ray Bradbury and Kurt Vonnegut. New life has been brought to flash fiction by the internet, with its demand for short, concise works.

Tonight IMRAM is proud to present new flash fictions by leading Irish language writers at a special gala reading.



DÉ hAOINE 21 DEIREADH FÓMHAIR

Friday 21 October | 9.30pm (doras 9.00pm)

CLUB NA MÚINTEOIRÍ Teachers' Club, 36 Cearnóg Pharnell  
Cead isteach/admission €10/€5

# CABARET CRAICEÁILTE

CEOL AGUS FILÍOCHT



Is é an craoltóir le Raidió na Gaeltachta, **Rónán Mac Aodha Bhuí**, atá ina stiúrthóir buile ar an gCabaret Craiceáilte, feiniméan faobhrach a chuireann sceitimíní ar a lucht leanúna le gach saghas ceoil sa Ghaeilge. Tá sceitimíní ar IMRAM anois mar anocht táimid chun ár gcuid gruaige a ligean síos i dteannta Rónáin a thabharfaidh ar imram iontach ceoil is filíochta sinn. Cuireann **The Dirty Nines** ceol ar fáil a chuirfidh do chuid fola ag rith go mear trí gach cuid díot: más lag é an croí i do chliabhach, imigh – ná fan leis an gcurfá. Cuireadh **Henrietta Game** i gcomparáid le Arcade Fire, cumasc cliste de cheol tíre, rac agus ceol clasaiceach. Amhránaí agus cumadóir sa dá theanga é **Enda Reilly**, Bleá Cliathach, agus cloistear a shaothar go rialta ar RTE Raidió na Gaeltachta. Tá a phaiste talún féin aige, áit éigin idir Christy Moore agus Syd Barret. Tionscadal a mheascann an ceol leis an bhfilíocht is ea **Seanma Beirte** le **Máire Wren**, file cumasach as Gaoth Dobhair, agus **Kayla Reed**, cláirseoir den scoth. Ar an stáitse anocht chomh maith beidh an file **Seán Ó Muireagáin** agus banna tí an Chabaret leis na hamhránaithe **Brid Ní Icí** a bhfuil cáil na nGormacha Gaelacha uirthi, **Liam Mac Giolla Bhrighde** a bhfuil stór mór d'amhráin Chonallacha aige agus **Niall Hackett**, ceoltóir iltréitheach ar an gconsairtín agus ar an mbasúcaí. Bheifeá craiceáilte dá gcaillfeá an Cabaret!

A magic night with Raidió na Gaeltachta broadcaster Rónán Mac Aodha Bhuí. Cabaret Craiceáilte is famed for cutting edge music in the Irish language – and on the stage tonight are **The Dirty Nines** and **Henrietta Game**; **Enda Reilly**; **Seanma Beirte**, a new poetry-cum-project with **Máire Wren** and **Kayla Reed**. Also with us is poet **Seán Ó Muireagáin** and the Cabaret's house band, featuring singers **Brid Ní Icí** and **Liam Mac Giolla Bhrighde**, and **Niall Hackett** on concertina and bouzouki.

DÉ SATHAIRN 22 DEIREADH FÓMHAIR

Saturday 22 October

COLÁISTE NA TRÍONÓIDE

Saorchead isteach/admission free | Gaeilge Amháin



# CEARDLANN NÁISIÚNTA DO SCRÍBHNEOIRÍ GAEILGE: CLÓ IAR-CHONNACHT

WORKSHOP FOR YOUNG WRITERS

**B**EIDH an cheardlann seo dírithe den chuid is mó ar scríbhneoirí óga/nua nach bhfuil aon leabhar foilsithe fós acu ach a léiríonn cumas scríbhneoireachta. Tabharfar áit ar an gceardlann freisin áfach do dhornán scríbhneoirí aitheanta, rud a rachaidh chun leasa na scríbhneoirí óga agus na scríbhneoirí aitheanta araon. Tugtar cuireadh do scríbhneoirí ar mhaith leo a bheith páirteach sa cheardlann sampla dá saothar: gearrscéal, cúig nó sé de dhánta nó mír ghearr as úrscéal (úrscéalta do dhéagóirí san áireamh) a sheoladh chuig Eagarthóir Cúnta CIC, Áine Ní Cholchúin ag an seoladh thíos ROIMH an **7 Deireadh Fómhair 2011**. Roghnófar na saothair is feiliúnaí agus déanfar iad a phlé agus a mheas ag an gceardlann. Seolfar saothar gach scríbhneora chuig gach iarrthóir (a bheidh ag freastal ar an gceardlann) roimh ré ionas go mbeidh deis acu iad a léamh. Tríd an modh oibre seo beidh na hiarrthóirí ar fad in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheardlann, agus foghlaim ó laigí agus ó bhuanna shaothar a chéile. Beidh áit do dheichniúir ar an gceardlann. Níl aon táille i gceist don cheardlann seo ach beidh iarrthóirí freagrach as a gcuid costas taistil féin agus lóistín sa chás go mbeadh a leithéid i gceist.

Stiúrthóirí na Ceardlainne: **Micheál Ó Conghaile** agus **Nuala Ní Dhomhnaill**.

Á heagrú i gcomhar le IMRAM agus Dífíg na Gaeilge, TCD

## Tuilleadh eolais:

Áine Ní Cholchúin nó Micheál Ó Conghaile  
Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe  
Guthán: (091) 593307  
Facs: (091) 593362  
Ríomhphost: aine@cic.ie

DÉ SATHAIRN

22 DEIREADH FÓMHAIR

Saturday 22 October

2.00pm

IRISH WRITERS' CENTRE

19 Cearnóg Pharnell

Saorchead isteach

Free admission

Gaeilge Amháin


# SCAOILFEAR AN RÚN

GRAPHIC NOVELS AND ILLUSTRATED BOOKS IN IRISH

**Ú**DAR agus foilsitheoir mór le rá (Cló Mhaigh Eo) é an Maigh Eoch misniúil **Colmán Ó Raghallaigh**. Ba é *An Sclábhaí* an chéad úrscéal grafach a foilsíodh in Éirinn agus is insint chorraitheach é ar Naomh Pádraig óg, mar a gabhadh é agus mar a d'éalaigh sé. Ba chóir go mbeadh sé ag gach teaghlach in Éirinn. Bhuaigh sé an duais mhórghradaim Bisto Merit Award sa bhliain 2002 agus níorbh fhada ina dhiaidh sin gur bhronn sé *An Tóraíocht*, *An Teachtaire* agus *An Táin* orainn. Údar *An Gréasaí Bróg*, *Mac Rí Éireann* agus *Balor* í an béaloideasóir **Caitríona Hastings**. Scéalta clasaiceacha ina bhfuil an téacs agus na léaráidí ag teacht go haoibhinn lena chéile. Beidh an bheirt acu inár láthair inniu chun úrscéalta grafacha agus pictiúrleabhair a phlé agus chun an cheist a fhreagairt: Inis an rún dúinn, le bhur doil, conas a chuirtear duaisleabhar le chéile!

## SHARING THEIR SECRETS

**Colmán Ó Raghallaigh** is the acclaimed author of *An Sclábhaí*, the first graphic novel to be published in Ireland. A gripping account of the young St. Patrick's life, it won a prestigious Bisto Merit Award and was followed by *An Tóraíocht*, *An Teachtaire* and *An Táin*. **Caitríona Hastings** is the author of *An Gréasaí Bróg*, *Mac Rí Éireann* and *Balor*, winner of Gradam Réics Carlo for best Irish language children's book of the year in 2009. These books weave stunning visuals and text to bring magic to classic stories. Today, in the company of **Máire Uí Mhaicín**, Colmán and Caitríona will discuss their work. Will we learn what it takes to create an award-winning book, from concept to first proofs? You'll have to be there to know!



DÉ SATHAIRN 22 DEIREADH FÓMHAIR  
Saturday 22 October | 7.00pm (doras 6.30pm)

IONAD AN PHIARSAIGH  
Ireland Institute, 27 Sráid an Phiarsaigh  
Saorhead isteach/free admission | *Gaeilge Amháin*

# MYLES NA GAEILGE

LÉACHT LE BREANDÁN Ó CONAIRE

DÍREOFAR ar scríbhneoireacht Ghaeilge an Nuallánaigh sa léacht seo le **Breandán Ó Conaire**. Tabharfar éachtaint ar chúlra agus chomhthéacsanna an tsaothair, ar théamaí agus ar cháilíochtaí na cumadóireachta, agus ar mhianach agus tábhacht a mhórshaothair sa teanga, *An Béal Bocht*.

Saineolaí ar litríocht an Bhlascaoid Mhóir, ar an Dírbeathaisnéis, ar thréimhse is ar cheannairí na hathbheochana agus ar shaothar liteartha Myles na gCopaleen é Breandán Ó Conaire. Ar na foilseacháin is tábhachtaí dá chuid, *Amhráin Ghrá Chúige Chonnacht* (eag., 1985); *Language, Lore & Lyrics* (eag., 1986); *Myles na Gaeilge* (1986); *Tomás an Bhlascaoid* (eag., 1992); *Bloghanna ón mBlascaod* (eag., 1997); agus *Léachtaí an Ghorta* (eag., 2000).

**Brian Ó Nualláin** – Flann

O'Brien – born a hundred years ago this month, was also Myles na gCopaleen, the nom-de-plume he assumed for his satiric and wildly funny masterpiece in Irish, *An Béal Bocht* and his *Cruskeen Lawn* column in the *Irish Times*.

Tonight **Breandán Ó Conaire** examines the context and background of Ó Nualláin's work in Irish, its themes and style, its mindset, and its importance to Irish literature.

DÉ SATHAIRN 22 DEIREADH FÓMHAIR  
Saturday 15 October | 8.30pm (doras 8.00pm)

IONAD AN PHIARSAIGH  
Ireland Institute, 27 Sráid an Phiarsaigh  
Cead isteach/admission €10 | Bookings: Tel 01-6704644  
*Gaeilge Amháin*



# CAMHAOIR

MULTIMEDIA SKETCH SHOW

SULA raibh an Crúiscín Lán, sula raibh an Deartháir, nó móilíní rothair measctha le móilíní Gardaí, bhí **Brian Ó Nualláin**, mac léinn, againn. Cuireadh síol a chruthaitheachta agus é ag freastal ar UCD ag scríobh don iris *Comhthrom Féinne*. Tugadh cead a chinn is a choise dó na laethanta úd agus thapaigh Brian agus a chairde (ina measc Ciarán Ó Nualláin, agus Donagh McDonagh & Niall Sheridan) an deis tabhairt faoin tír is faoin sochaí. D'ionsaíodar an stair, miotaseolaíocht, creideamh agus polaitíocht – iad ag tarraing as stíl an avant-garde a bhí scaipithe ar fud na hEorpa ag an am. I 1932 bhunaigh Ó Nualláin et al. an iris *Bladar*, nár mhair ach ar feadh cúig eagrán. Ach b'fhiú gach ceann acu. An aoir a bhí sna leathanaigh sin, tá sé chomh géar is a bhí riamh. Tugann **TíAitreo** (léiritheoirí *The Prairie Gaeltacht*) faoin stáitse in IMRAM na bliana seo lena léiriú nua, **camHAOIR**: seó ilmheánach de sceitsí agus sleachta ó leathanaigh *Bhladair*, stiúrtha ag **Colm Ó Foghlú** agus curtha in eagar ag **Seán Ó Broin**. Spocht ar ceist na teanga, maoiniú na n-ealaíon agus go leor eile atá fós dár gcrá inniu.

Before the Cruiskeen Lawn, before the Brother, or bicycle molecules mixing with Garda molecules, there was Brian O'Nolan the student. In 1932 O'Nolan helped found *Blather*. The satire dripping from its pages is as sharp as ever. **TíAitreo's** new show **camHAOIR** is a multimedia sketch show based on excerpts from *Blather*. The Language Question, Funding for the Arts and other issues that trouble us to this day – all will be lampooned!



DÉ LUAIN 17–DÉ hAOINE 21 DEIREADH FÓMHAIR

Monday 17–Friday 21 October

COLÁISTE EOIN  
COLÁISTE ÍOSAGÁIN  
AGUS SCOIL EILE

# SAOL AN DÉAGÓRA SA LÁ ATÁ INNIU ANN

IMRAM IN SCHOOLS

ÚRSCÉALAÍ, gearrscéalaí agus drámadóir í **Éilís Ní Dhuibhne**. Is ball d'**Aosdána** í. Bhí úrscéal léi *The Dancers Dancing* ar ghearrliosta an Orange Prize for Fiction sa bhliain 2000. Thug an *Irish Times* sármlhadh dá húrscéal do dhéagóirí *Hurlamaboc*. Bhí ráchairt mhór ar na leabhair *Cailíní Beaga Ghleann na mBláth* agus *Dún an Airgid*. San úrscéal is déanaí uaithi do dhéagóirí *Dordán*, féachtar ar an ngrá agus ar an uaigneas, cairdeas agus naimhdeas agus nochtar ann na hualaí móra a iompraíonn déagóirí áirithe ar a nguailí sa ré chasta ina mairimid. Tá áthas ar **IMRAM** i gcomhar le **Leabhair Pháistí Éireann** a bheith in ann Éilís a thabhairt go dtí trí scoil i mBaile Átha Cliath – Coláiste Eoin, Coláiste Íosagáin agus scoil eile – chun a cuid saothair a léamh agus a phlé le léitheoirí óga.

**Éilís Ní Dhuibhne** is a novelist, short story writer and dramatist. Her novel *The Dancers Dancing* was shortlisted for the Orange Prize for Fiction in 2000. Of her first teenage novel in Irish, *Hurlamaboc*, the *Irish Times* commented 'she writes clearly, authentically and has a sharp eye for the small moments of doubt and fear which beset us all. She has, in her own quiet way, brought the novel in Irish into the 21st century'. Her work includes the bestsellers *Cailíní Beaga Ghleann na mBláth* and *Dún an Airgid*. Her latest novel for teenagers *Dordán* examines love and sadness, friendship and hostility and explores the many burdens of modern teenage life.

In association with **Children's Books Ireland**, IMRAM is delighted to bring Éilís to three Dublin schools – Coláiste Eoin, Coláiste Íosagáin and another school – to read and discuss her work with young readers.



## CLÁR IMRAM

DEIREADH FÓMHAIR 2011

14ú • 6.00pm • City Arts  
SIOMPÓSIAM AR BHLAGADÓIREACHT  
NA GAELIGE

14ú • 7.30pm • Eaglais Úinitéireach  
OÍCHE ÓMÓIS DON MHOINSÍNEOIR

15ú • 2.00pm • City Arts  
SEACHD: THE CRIMSON SNOWDROP

15ú • 7.30pm • Ionad an Phiarsaigh  
SOMHAIRLE MACGILL-EAIN AGUS NA TAIBHSÍ  
GAELACHA: LÉACHT LE MÁIRE NÍ ANNRACHÁIN

15ú • 9.00pm • Ionad an Phiarsaigh  
GUTHANNA GAELIGE ANALL:  
A NIGHT OF SCOTTISH POETRY AND MUSIC

17–21ú • 1.00pm–5.45pm • City Arts  
COSÁN: THE POETRY OF STONES

17ú • 6.00pm • DIT Aungier Street  
CLÓ DRAÍOCHTA

17ú • 8.00pm • The Grand Social  
THE WILLOW'S WHISPER: COGARNACH NA SAÍLÍ  
POETRY FROM IRELAND AND NATIVE AMERICA

18ú • 7.00pm • Club na Múinteoirí  
AGALLAMH NA SEANÓRACH SIOR-ÓG:  
TITLE UNDER SCRUTINY!

18ú • 7.30pm • Club na Múinteoirí  
TRÁTH NA gCEIST EALAÍON

19ú • 6.00pm • Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge  
DÚIL SA DÚLRA:  
CAINT IS SLEAMHNÁIN LE CON Ó RUAIRC

19ú • 8.00pm • Alliance Française  
NON, JE NE REGRETTE RIEN:  
TIONSCADAL PIAF-BREL

20ú • 7.30pm • UCD, Belfield  
GAELTACHT UÍ CHADHAIN:  
FÍS AGUS TUAIRISC  
LÉACHT UÍ CHADHAIN LE DÓNAL Ó BRAONÁIN

21ú • 6.00pm • Irish Writers' Centre  
FOGHLAIM NA LÉITHEOIREACHTA

21ú • 8.00pm • Irish Writers' Centre  
I mBEAGÁN FOCAL ...  
IMRAM NEWSFLASH

21ú • 9.30pm • Club na Múinteoirí  
CABARET CRAICÉAILTE

22ú • Coláiste na Tríonóide  
CEARDLANN NÁISIÚNTA DO SCRÍBHNEOIRÍ  
GAELIGE: CLÓ IAR-CHONNACHT

22ú • 2.00pm • Irish Writers' Centre  
SCAOILFEAR AN RÚN: GRAPHIC NOVELS AND  
ILLUSTRATED BOOKS IN IRISH

22ú • 7.00pm • Ionad an Phiarsaigh  
MYLES NA GAELIGE:  
LÉACHT LE BREANDÁN Ó CONAIRE

22ú • 8.30pm • Ionad an Phiarsaigh  
CAMHADÓIR

17–22ú • Coláiste Eoin, Coláiste Íosagáin  
agus scoil eile  
SAOL AN DÉAGÓRA SA LÁ ATÁ INNIU ANN:  
IMRAM IN SCHOOLS

### BUÍOCHAS Ó CHROÍ LE/HEARTFELT THANKS TO:

Edel Ní Churraínn, RTÉ Raidió Na Gaeltachta; Liam Browne & Sinéad Connolly, Dublin Writers Festival; Bert Wright & foireann, Mountains to the Sea DLR Book Festival; Denise Woods, West Cork Literary Festival; Claire Bourgeois & Christine Weld, Alliance Française; Christoph Wendler, Club an Chonartha; Clare Bell & Brenda Dermody, Dublin Institute of Technology; Deirdre Davitt & Aedín Ní Bhroin, Foras na Gaeilge; Sarah Bannan, An Chomhairle Ealaíon; Mary Cronin, Webteam Ireland; Julianne Ní Chonchobhair; Jack Harte & foireann, Áras na Scríbhneoirí; Joe Woods & foireann, Éigse Éireann; Jane Alger & Alastair Smeaton, Dublin City Libraries; Nick Reilly & Scott De Buitléir, City Arts; Jonathan Williams, Poems on the DART; Deirdre Henchy & Carol De Buitléir, RTÉ Supporting the Arts; Bríd Ní Ghruagáin, TíAitreo; Aoife Murray, Children's Books Ireland; Micheál Ó Conghaile, Cló Iar Chonnacht; Ian Ó Caoimh, Comhar; Tristan Rosenstock & Maggie Breathnach, Red Shoe Productions; Daragh Ó Tuama, An Siopa Leabhar; Regan Hutchins; Deirdre Nic Éanruig, Feis na nGael; Margaret Lonergan; Jim Berkeley; Gerry Lawlor; Niamh Lawlor & Eithne Carson



# IMRAM

## A VOYAGE OF DISCOVERY

Aidhm IMRAM saibhreas na litríochta Gaeilge comhaimseartha a roinnt le cách agus an pobal a thabhairt linn ar aistear mistéireach. Prós. Filíocht. Ceol. An focal labhartha. An focal scríofa. Idir shúgradh is dáiríre. Suímh éagsúla ar fud na hardchathrach. Bímis ag léamh, bímis ag iomramh!

IMRAM aims to bring its audiences on a 'voyage of discovery' that reveals the rich diversity of modern Irish language literature through a programme of eclectic events that blend poetry, prose, film, drama and music in lively, upbeat venues.

Beidh leabhair ar díol ag formhór na n-ócaidí.  
Ceannaigh leabhar nó dhó!

The festival bookseller – An Siopa Leabhar – will have books on sale at most IMRAM events.

### TUILLEADH EOLAIS/FURTHER INFORMATION:

Liam Carson r-phost/e-mail info@imram.ie  
Fón/phone 01-2143831 nó 087-2912797

[WWW.IMRAM.IE](http://WWW.IMRAM.IE)



### STIÚRTHÓIR NA FÉILE/DIRECTOR

Liam Carson

### BORD IMRAM/FESTIVAL BOARD

Des Geraghty, Neasa Hegarty, Róisín Ní Ghairbhí, Éamon Ó Ciosáin, Jane O'Hanlon, Colm Ó Snodaigh, Cathal Póirtéir (cathaoirleach), Gabriel Rosenstock, Peter Sirr

